Buiséad 2024

Leibhéal B1

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1

Beidh tú ag féachaint ar mhír ar ball faoi bhuiséad 2024. Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

Is féidir féachaint ar an bhfíseán seo ó Cúla4 le cabhrú leat:
https://www.youtube.com/watch?v=Oaks2Q6vITY

1. Cad atá i gceist leis an bhfocal ‘cáin’?
2. Cén fáth a n-íocann daoine cáin agus cad a dhéanann an rialtas leis an airgead? Seo roinnt leideanna ón bhfíseán thuas:



3. Cad é buiséad nó ‘cáinaisnéis’?

Réamhchleachtadh 2

Sa mhír nuachta seo, pléifear na híocaíochtaí aonuaire (*once-off payments*) agus an faoiseamh cánach (*tax relief*) do thiarnaí talún (*landlords*) atá mar chuid de bhuiséad 2024. Pléigh na ceisteanna thíos anois:

1. Cad atá i gceist le ‘faoiseamh cánach’?
2. Cad é ‘íocaíocht aonuaire’? Dá mbeifeá féin ag streachailt chun billí a íoc, arbh fhearr leat faoiseamh leanúnach cánach nó íocaíocht aonuaire?

B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

buiséad toghchánaíochta	*inflation rate*
bearta gearrthéarmacha	*(to be) released, issued*
míchothromaíocht	*cost of living*
scagadh	*inequality, unfairness*
saineolaithe airgeadais	*financial experts*
costas maireachtála	*election budget*
ráta boilscithe	*allowance*
carthanacht	*critical examination*
liúntas	*charity*
á eisiúint	*short-term measures*

2. Bain úsáid as na focail Ghaeilge thuas chun na bearnaí a líonadh sna habairtí:

- Tá an _____ an-ard faoi láthair.
- Deir daoine áirithe nach bhfuil i mbuiséad 2024 ach _____.
- Ceapann na _____ go dtitfidh an _____ an bhliain seo chugainn.
- Tá _____ á dhéanamh ar an mbuiséad faoi láthair.
- Tabharfar an t-airgead a bhaileofar do* _____ áitiúil.
- Beidh meastachán eile _____ ag an rialtas roimh dheireadh na bliana.
- Is maith le tuismitheoirí an _____ dúbailte ag druidim leis an Nollaig.
- Creideann Catherine Connolly go gcuireann na _____ leis an _____ sa tsochaí.

**leanann séimhiú 'do' go minic*

3. Cad is brí leis na frásaí seo a bheidh le cloisteáil sa mhír:

Téann siad le leas daoine.

Téann siad i dtaithí ar rud.

Tagann siad le rud.

4. Féach ar na frásaí thíos. Is minic a chuirtear focail le chéile a bhfuil an chéad litir mar an gcéanna acu. Cén fáth, dar leat?

'cóir agus cothrom' 'cur agus cúiteamh'

C: TUISCINT

Féach ar an mír den chéad uair. Meaitseáil ainm na ndaoine sa cholún ar chlé leis an méid a dúirt siad sa cholún ar dheis.

Brian Ó Ceallaigh	Ní carthanacht é airgead a chur ar fáil chun sochaí chothrom a chruthú. Loic an rialtas seo ar an tsochaí.
Barry Ward	Tá na híocaíochtaí aonuaire ann chun cabhair a thabhairt do dhaoine mar tá an costas maireachtála an-ard faoi láthair. Chomh luath is a bheidh an scéal níos fearr ní bheidh gá leo, ach ní bheidh daoine sásta iad a thabhairt suas.
Catherine Connolly	Is breá leis an ngnáthphobal agus le gnáthdhaoine na híocaíochtaí aonuaire, go háirithe in amanna faoi leith.
Éamon Ó Cuív	Caithfidh an rialtas faoiseamh cánach a thabhairt do thiarnaí talún le hiad a choinneáil sa mhargadh chun lóistín a chur ar fáil.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an chlaoninsint)

a) Féach ar an sampla thíos a bhí sa mhír. Cad is féidir leat a rá faoin dara habairt?

Tá na bearta cóir agus cothrom. → Deir an rialtas **go bhfuil** na bearta cóir agus cothrom.

b) Cuir 'Deir sí/sé' roimh na habairtí seo a leanas:

Téann siad chun leasa na ndaoine is boichte sa tír.

Tá impleachtaí na n-íocaíochtaí aonuaire á meas ag saineolaithe airgeadais.

Bíonn sé thar a bheith deacair na híocaíochtaí a bhaint de dhaoine arís.

Tá cáineadh déanta sa Dáil faoin bhfaoiseamh cánach.

Cuireann na tiarnaí talún lóistín ar fáil.

Breathnaíonn an rialtas ar íocaíochtaí mar charthanacht.

Ní dóigh liom go dtiocfadh an gnáthphobal leis an dream atá i gcoinne na n-íocaíochtaí.

2: Cruinneas gramadaí (Iolraí)

a) Féach ar na focail seo a bhí le cloisteáil sa mhír. Cén t-iolra atá acu? Cad iad na patrúin éagsúla a bhaineann leis na hiolraí?

Uatha	**Iolra**
costas liúntas	
mionsonra íocaíocht ráta buntáiste rud tuismitheoir	
fadhb rogha	
beart	
saineolaí	

b) Bhí cúpla focal a bhfuil uimhir iolra faoi leith acu le cloisteáil freisin. Cén t-iolra atá ag na cinn seo anois. Féach ar www.teanglann.ie mura bhfuil tú cinnte:

bliain, margadh, duine, figiúr

E: CUMARSÁID

1: Scríobh

Samhlaigh gur tuismitheoir **nó** mac léinn ollscoile **nó** dalta scoile thú. Scríobh amach na costais éagsúla a bhíonn agat gach mí. Mar shampla:

Bíonn €1500 ar an gcíos gach mí.
Bíonn bille leictreachais le híoc gach dara mí agus bíonn costas thart ar €200 air.
Caithim timpeall €50 gach mí sa phictiúrlann.
Cosnaíonn mó lón thart ar €15 gach lá nó timpeall €200 sa mhí.

2: Caint

a) Bí ag caint leis na daoine eile i do ghrúpa agus déanaigí comparáid agus codarsnacht idir na costais a scríobh sibh faoi Scríobh thuas.

b) Dá mbeifeá féin i d'Aire Airgeadais, conas a d'fhéadfá buiséad a dhéanamh chun an tír a dhéanamh níos cothroime agus chun cabhrú leis na daoine is boichte sa tír? Roghnaigh **trí cinn** de na bearta thíos. Cad a roghnaigh na daoine eile sa rang?

- faoiseamh cánach a thabhairt do dhaoine atá ag íoc cíos ard
- faoiseamh cánach a thabhairt do thiarnaí talún
- íocaíocht aonuaire a thabhairt do theaghlaigh roimh an Nollaig
- liúntas leanaí a ardú
- cúram sláinte (*healthcare*) saor in aisce a thabhairt do gach duine
- córas iompar poiblí a dhéanamh saor in aisce do gach duine
- cúrsaí tríú leibhéal a dhéanamh saor in aisce do gach duine

AN SCRIPT

Eimear Ní Chonaola
Buiséad toghchánaíochta de bhearta gearrthéarmacha a chuirfeas[1] leis an míchothromaíocht sa tsochaí, an cur síos a rinne an Teachta Dála Neamhspleách, Catherine Connolly, ar bhuiséad an lae inné. Ach deir an rialtas go bhfuil na bearta cóir agus cothrom agus go rachaidh siad chun leas na ndaoine is boichte sa tír.

Irene Ní Nualláin
Tá scagadh á dhéanamh ar mhionsonraí an bhuiséid a fógraíodh inné agus impleachtaí na n-íocaíochtaí aonuaire á meas ag saineolaithe airgeadais.

Brian Ó Ceallaigh, Ollamh le hAirgeadas, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath
Tá siad á lua mar chúnamh do dhaoine dul i ngleic leis an gcostas ard maireachtála. Más amhlaidh go dtiteann an ráta boilscithe an bhliain seo chugainn go dtí thart ar 3%, mar atá á thuar acu, ní bheidh gá leis na riachtanais seo. Ach an baol atá ann i gcónaí, mar is eol duit, ná, nuair a théann daoine i dtaithí ar na híocaíochtaí seo, go mbíonn sé thar a bheith deacair iad a bhaint arís.

Irene Ní Nualláin
Bhí cáineadh déanta sa Dáil inniu ar an bhfaoiseamh cánach de €600 atá ceadaithe do thiarnaí talún.

An Seanadóir Barry Ward, Fine Gael.
Caithfimid rudaí a dhéanamh ionas go mbeadh na tiarnaí talún sa mhargadh an bhliain seo chugainn agus dá éis sin toisc go bhfuil siad ag cur lóistín ar fáil do dhaoine ar cíos. Mura bhfuil na lóistíní sin ar fáil, beidh fadhb eile againn. *So*, sin an fáth go bhfuil na rudaí sin ann chun an buntáiste sin a thabhairt do thiarnaí talún.

Catherine Connolly TD, Neamhspleách
Breathnaíonn, is dócha, an rialtas seo – agus chuile[2] rialtas – ar dhaoine, ar íocaíochtaí mar charthanacht agus ní carthanacht atá ag teastáil uaimse, ach sochaí atá i bhfad níos cothroime. Agus níl sé sin déanta acu agus is dócha go bhfuil fíor-roghanna acu agus tá roghanna déanta acu agus beidh míchothromaíocht i gceist ag dul ar aghaidh agus ag dul ar aghaidh.

Éamon Ó Cuív TD, Fianna Fáil
Caithfidh mé a rá go raibh an-fháilte anuraidh ag an ngnáthphobal roimh na híocaíochtaí aonuaire, go mór mór má thagann siad go tráthúil. Mar shampla, má thógaimid an liúntas leanaí, is mór an cúnamh do thuismitheoirí, liúntas dúbailte a fháil ag teacht suas go dtí an Nollaig. Agus, mar sin, ní dóigh go dtiocfadh an gnáthphobal leis an dream atá ag rá nach bhfuil maith ar bith leis na híocaíochtaí aonuaire. Bíonn an-spéis ag an bpobal iontu.

Irene Ní Nualláin
Beidh meastachán eile á eisiúint ag an rialtas roimh dheireadh na bliana agus is cinnte go mbeidh neart cur agus cúiteamh faoi na figiúirí céanna idir seo agus sin.

Irene Ní Nualláin, Nuacht TG4.

[1] 'a chuirfeas' = a chuirfidh
[2] 'chuile' = leagan canúnach de 'gach uile'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Réamhchleachtadh 1:

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

Féach:

Na deilbhíní: scoileanna (cúrsaí oideachais), ospidéil (cúram sláinte), bóithre (córas iompar poiblí), na Gardaí, páirceanna súgartha. Chomh maith leis sin, caitear cáin/airgead ar thithíocht, ar chúrsaí spóirt, ar theaghlaigh agus ar leanaí, ar an nGaeilge agus ar an nGaeltacht agus araile.

Réamhchleachtadh 2:

Is é aidhm an réamhchleachtaidh seo ná ábhar/topaic na míre a chur i láthair na bhfoghlaimeoirí sula bhféachfaidh siad uirthi chun tacú leis an gcluastuiscint ar ball.

Féach:

Faoiseamh cánach: laghdú ar an gcáin atá le híoc.

Na híocaíochtaí aonuaire: gheobhaidh an chuid is mó de dhaoine atá ag fáil sochar leasa shóisialaigh go seachtainiúil, airgead breise, in aon uair amháin, idir seo agus an bhliain úr.

B: FOCLÓIR

1.

buiséad toghchánaíochta	*election budget*
bearta gearrthéarmacha	*short-term measures*
míchothromaíocht	*inequality, unfairness*
scagadh	*critical examination*
saineolaithe airgeadais	*financial experts*
costas maireachtála	*cost of living*
ráta boilscithe	*inflation rate*
carthanacht	*charity*
liúntas	*allowance*
á eisiúint	*(to be) released, issued*

2.

- Tá an **costas maireachtála** an-ard faoi láthair.
- Deir daoine áirithe nach bhfuil i mbuiséad 2024 ach **buiséad toghchánaíochta**.
- Ceapann na **saineolaithe airgeadais** go dtitfidh an **ráta boilscithe** an bhliain seo chugainn.
- Tá **scagadh** á dhéanamh ar an mbuiséad faoi láthair.
- Tabharfar an t-airgead a bhaileofar do **charthanacht** áitiúil.
- Beidh meastachán eile **á eisiúint** ag an rialtas roimh dheireadh na bliana.
- Is maith le tuismitheoirí an **liúntas** dúbailte ag druidim leis an Nollaig.
- Creideann Catherine Connolly go gcuireann na **bearta gearrthéarmacha** leis an **míchothromaíocht** sa tsochaí.

3. Féach:
Téann siad le leas daoine – they benefit people.
Téann siad i dtaithí ar rud – they get used to something.
Tagann siad le rud – they agree with something.

4. Cuireann sé le rithim na cainte agus cuireann sé béim ar an méid atá le rá. Téann brí na nathanna cainte i bhfeidhm ar an éisteoir dá bharr sin.

C: TUISCINT

Brian Ó Ceallaigh	Tá na híocaíochtaí aonuaire ann chun cabhair a thabhairt do dhaoine mar tá an costas maireachtála an-ard faoi láthair. Chomh luath is a bheidh an scéal níos fearr ní bheidh gá leo, ach ní bheidh daoine sásta iad a thabhairt suas.
Barry Ward	Caithfidh an rialtas faoiseamh cánach a thabhairt do thiarnaí talún le hiad a choinneáil sa mhargadh chun lóistín a chur ar fáil.
Catherine Connolly	Ní carthanacht é airgead a chur ar fáil chun sochaí chothrom a chruthú. Loic an rialtas seo ar an tsochaí.
Éamon Ó Cuív	Is breá leis an ngnáthphobal agus le gnáthdhaoine na híocaíochtaí aonuaire, go háirithe in amanna faoi leith.

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (An chlaoninsint)

Féach:
Deir sí go dtéann siad chun leas na ndaoine is boichte sa tír.
Deir sé go bhfuil impleachtaí na n-íocaíochtaí aonuaire á meas ag saineolaithe airgeadais.
Deir sé go mbíonn sé thar a bheith deacair na híocaíochtaí a bhaint de dhaoine arís.
Deir sí go bhfuil cáineadh déanta sa Dáil faoin bhfaoiseamh cánach.
Deir sé go gcuireann na tiarnaí talún lóistín ar fáil.
Deir sí go mbreathnaíonn an rialtas ar íocaíochtaí mar charthanacht.
Deir sé nach dóigh leis go dtiocfadh an gnáthphobal leis an dream atá i gcoinne na n-íocaíochtaí.

2: Cruinneas gramadaí (iolraí)

a) Féach:

Uatha	**Iolra**
costas liúntas	costais liúntais
mionsonra íocaíocht ráta buntáiste rud tuismitheoir	mionsonraí íocaíochtaí rátaí buntáistí rudaí tuismitheoirí
fadhb rogha	fadhbanna roghanna
beart	bearta
saineolaí	saineolaithe

b) Bliain – blianta, margadh – margaí, duine – daoine, figiúr – figiúirí.

E: CUMARSÁID

1: Scríobh

Tabhair deis do gach foghlaimeoir liosta a scríobh do na costais a bhíonn acu gach mí. Is féidir leo a shamhlú gur duine eile iad mura bhfuil siad ag iarraidh a bheith ag plé a gcuid costas pearsanta féin.

2: Caint

a) Abair leo na liostaí a scríobh siad a chur i gcomparáid le chéile agus plé a dhéanamh ar na gnáthchostais a bhíonn ag daoine sa lá atá inniu ann.
b) Iarr ar na grúpaí na bearta a phlé le chéile sula bpléifidh tusa iad leis an rang iomlán.

Curtha ar fáil ag

Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

TG4